


An Coimisiún
Reifrinn



Tuarascáil ar na Reifrinn ar Phósadh agus ar Aois Iarrthóirí Uachtaráin





Brollach

Ní mór don Choimisiún Reifrinn tuarascáil a ullmhú don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar chomhlíonadh a chuid feidhmeanna tar éis gach feachtais faisnéise. Sa tuarascáil seo, déanann an Coimisiún mionchur síos ar na príomhghnéithe dá fheachtas faisnéise.

Tá an Coimisiún sásta lena thuairisciú go raibh tréimhse ama fhóna aige (beagnach ceithre mhí) lena chuid oibre a dhéanamh. Seo é an tríú huair sna feachtais a rinneadh le déanaí inar tugadh tréimhse ama fhóna leis na feachtais feasachta pobail a phleanáil agus a dhéanamh. Forbairt a bhfuil fáilte roimpi atá inti i gcomparáid le feachtais roimhe seo. Ba léir go raibh an tréimhse ama a tugadh don Choimisiún neamhleor agus rinne na Coimisiúin sin gearáin fúithi. Cé gur tugadh dóthain ama don Choimisiún lena fheachtas um fheasacht an phobail a phleanáil agus a chur i ngníomh, níor tugadh dóthain ama aige leis na seirbhísí a theastaigh uaidh a chur i bhfeidhm agus bhí ar arís brath ar ghníomhaireacht eile, ba é sin, Oifig an Ombudsman, leis na riachtanais a bheadh ag Coimisiún Reifrinn nár bunaíodh faoin am sin a réamh-mheas. Ní dóigh shásúil í sin do chomhlacht neamhspleách tabhairt faoina ghnó.

Creidim gur bhain an Coimisiún dea-úsáid as an tréimhse ama a tugadh dó; chuir sí ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go raibh a threoir faisnéise chomh sorochtana agus ab fhéidir agus í cruinn ó thaobh an dlí de ag an am céanna. Chuir sí ar chumas an Choimisiúin freisin feachtas comhtháite fógraíochta agus faisnéise poiblí a phleanáil.

Tá tograí chun dlí bunúsach ár dtíre, is é sin ár mBunreacht, le cinneadh ag muintir na hÉireann agus is ceisteanna tábhachtacha iad. Is mór an t-ábhar gairdis don Choimisiún Reifrinn é gurbh é 60.5% an ráta vótála. Is iad sin na rátaí vótála is airde ó bunaíodh coimisiún reifrinn den chéad uair agus tá siad ar na rátaí vótála is airde d'aon reifreann ar bith, go háirithe ós rud é nach raibh aon toghchán eile ar siúl ag an am céanna. Bhí ardleibhéal rannpháirtíochta ann, go háirithe i dtaca leis na díospóireachtaí ar an reifreann ar phósadh, agus ba léir go raibh tionchar aige sin ar an ráta vótála. Léiríonn sé sin go dtiocfaidh daoine amach chun vótáil nuair a bhíonn siad gafa le hábhar an reifrinn.

An uair seo, níor thug an Coimisiún Reifrinn faoi aon suirbhé vótála tar éis dháta an reifrinn. Chreidimid nach raibh an tsuirbhéireacht sin riachtanach le go gcomhlíonadh an Coimisiún a oibleagáidí reachtúla. Léirigh taithí a gnóthaíodh roimhe seo gur minic a bhíonn freagraí an phobail tar éis reifrinn ina gcúis le sonraí míchruinne á gcur ar fáil ag na daoine a ndéantar suirbhé orthu maidir le leibhéal an ráta vótála mhaite agus maidir le cé acu a vótáil na freagróirí mar a dúirt siad nó nár vótáil. Dá réir sin, bíonn suirbhéanna iar-reifrinn míthreorach i gcásanna áirithe. Coimisiún Reifrinn – nó Coimisiún Toghcháin – a bhíonn ann ar bhonn leantach de réir an dlí, bheadh sé in ann taighde ar an tsaincheist ghinearálta sin a choimisiúnú.

Tá áthas ar an gCoimisiún gur caitheadh an caiteachas riachtanach ar fad le go raibh an Coimisiún in ann a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh i gceart, cé go raibh sé ábalta a chuid oibre ar an dá Reifreann a chur i gcrích gan an maoiniú ar fad a leithdháileadh air a chaitheamh agus gur thug sé an barrachas ar ais do na ranna. Bhí lamháil sa mhaoiniú tosaigh do mhíreanna éigeandála caiteachais nach rabhthas ag súil leo agus níor tháinig siad aníos, ar an dea-uair. Sa chás go gcuirtear níos mó ná reifreann amháin ar siúl ar an aon lá amháin, tagann barainneachtaí scála aníos nach dtarlódh dá mbeadh reifreann amháin ar siúl ina aonar.

Chomhoibrigh na craoltóirí go léir go mór leis an gCoimisiún i dtaca le ham craolta saor in aisce ag buaicthréimhsí féachana agus éisteachta a sholáthar le haghaidh a chraoltaí díreach roimh fheasacháin nuachta nó díreach ina ndiaidh, agus is mian leis buíochas a ghabháil leo.

De bhun alt 14(1) d'Acht an Reifrinn, 1998, cuirim tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn ar chomhlíonadh a chuid feidhmeanna i leith na reifreann faoi bhráid an Aire leis seo.

An Breitheamh Onórach Kevin Cross
Cathaoirleach – An Coimisiún Reifrinn
Deireadh Fómhair 2015



Clár Ábhar

Caibidil 1	Réamhrá Bunú an Choimisiúin Reifrinn Ról an Choimisiúin Gnéithe d'fheachtas an Choimisiúin	2
Caibidil 2	Na Príomhghnéithe den Reifreann Na billí reifrinn An tréimhse ama a bhí ar fáil don Choimisiún Reifrinn Na páipéir bhallóide An ráta vótála	4
Caibidil 3	Feachtas Faisnéise an Choimisiúin An tábhacht a bhaineann le feachtas faisnéise Straitéis an fheachtais faisnéise Gnéithe den fheachtas – An suíomh gréasáin – Na meáin shóisialta – An Treoir – Modhanna eile chun faisnéis a fháil – An feachtas fógraíochta – Fógraíocht teilifíse – Fógraíocht raidió – Craoltaí saorchraolta – teilifís – Craoltaí saorchraolta – raidió – Fógraíocht sa phreas – Fógraíocht lasmuigh – Fógraíocht ar líne	6
Caibidil 4	Athbhreithniú breithiúnach	11
Caibidil 5	Acmhainní Maoiniú a chur ar fáil don Choimisiún Reifrinn Barraíocht tugtha ar ais Soláthar Buíochas	12
Caibidil 6	Conclúidí agus Moltaí Aighneacht an Choimisiúin maidir le Coimisiún Toghcháin	15

Caibidil 1 Réamhrá

Na reifrinn ar an mBille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta) 2015 agus ar an mBille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Aois Intofachta chun Oifig an Uachtaráin) 2015, cuireadh ar siúl iad Dé hAoine an 22 Bealtaine 2015. De réir Acht an Reifrinn, 1998, tá sé faoi rogha an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Coimisiún Reifrinn a chur ar bun gach uair atá reifreann le reáchtáil. I gcás leasaithe ar an mbunreacht, ní fhéadfaidh sé déanamh amhlaidh ar an dáta ar a dtionscnaítear an Bille i nDáil Éireann nó ina dhiaidh. An 21 Eanáir 2015 a tionscnaíodh an Bille ar phósadh agus an 22 Eanáir 2015 a tionscnaíodh an Bille ar aois iarrthóirí uachtaráin.

Bunú an Choimisiúin Reifrinn

An 27 Eanáir 2015, rinne an tAire orduithe bunaithe lenar bunaíodh Coimisiún Reifrinn ar an reifreann ar phósadh agus ar an reifreann ar aois iarrthóirí uachtaráin. Ghlac an Breitheamh Onórach Kevin Cross le hainmniú an Phríomh-Bhreithimh chun gníomhú mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún Reifrinn. Ní mór do Chathaoirleach an Choimisiúin a bheith ina iarbhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc nó na hArd-Chúirte nó ina bhreitheamh ar seirbhís de chuid na hArd-Chúirte.

Comhaltaí de bhrí oifige iad na comhaltaí eile de na Coimisiúin. Ba iad seo na comhaltaí sin –

- Seamus McCarthy, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
- Peter Tyndall, an tOmbudsman
- Peter Finnegan, Leas-Chléireach Dháil Éireann (folamh a bhí oifig Chléireach Dháil Éireann)
- Deirdre Lane, Cléireach Sheanad Éireann.

Mar thoradh ar fhorlú sa chomhaltas, ghníomhaigh an dá Choimisiún mar choimisiún amháin.

Deonaítear don Choimisiún leis an dlí na cumhachtaí sin atá riachtanach nó áisiúil le haghaidh chomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Ní mór don Choimisiún tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh a chuid feidhmeanna don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis lá na vótála agus díscailtear an Coimisiún mí amháin tar éis dó a thuarascáil a chur isteach.

Ról an Choimisiúin

De bhun reachta, is iad seo príomhfheidhmeanna an Choimisiúin –

- ráiteas nó ráitis ina mbeidh míniú ginearálta ar ábhar an togra agus ar théacs an togra sa Bhille iomchuí agus aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nithe sin agus is cuí leis an gCoimisiún;
- na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh i cibé slí agus ar cibé modh, lena n-áirítear úsáid na teilifíse, an raidió agus meán leictreonach eile, is mó is dóigh leis an gCoimisiún a tharraingeoidh aird na toghlacha orthu agus a áirithiú a mhéid is indéanta, maidir leis na modhanna a úsáidfear, go gcumasóidh siad do dhaoine a bhfuil míchumas radhairc nó éisteachta orthu na ráitis lena mbaineann a léamh nó a chloisteáil;
- feasacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do na toghthóirí le vótáil sa vótaíocht.

Gnéithe d'fheachtas an Choimisiúin

Reáchtáil an Coimisiún feachtas fairsing comhtháite faisnéise ar an teilifís, ar an raidió, sna meáin chlóite, ar fhógraíocht lasmuigh agus ar líne. Dhírigh sé go príomha ar an bhfeasacht ar na reifrinn, ar an tábhacht a bhaineann leo a ardú agus ar spreagadh a thabhairt do dhaoine le vótáil. De bhreis air sin, foilsíodh treoir faisnéise i riocht leabhráin agus dáileadh í ar gach teach sa Stát.

Chomh maith leis sin, thaifead an Coimisiún craoltaí faisnéise poiblí don raidió agus don teilifís lenar tugadh míniú ar na moltaí agus chraol gach stáisiún raidió náisiúnta, áitiúil agus pobail agus gach stáisiún teilifíse iad. Bhain an Coimisiún úsáid ghníomhach as na meáin shóisialta.



Caibidil 2 Na Príomhghnéithe den Reifreann

Na billí reifrinn

Bhí an dá bhille reifrinn ina dhoiciméid measartha simplí. Rith an dá Theach den Oireachtas an bille ar phósadh an 27 Márta 2015. Rith an dá Theach an bille ar aois iarrthóirí uachtaráin an 1 Aibreán 2015.

An tréimhse ama a bhí ar fáil don Choimisiún Reifrinn

An 27 Eanáir 2015 a bunaíodh an Coimisiún Reifrinn agus, dá bhrí sin, bhí beagnach ceithre mhí aige roimh lá na vótála chun a fheachtas a phleanáil agus a chur i ngníomh. Socraíodh go mbeadh an vótáil ar siúl an 22 Bealtaine 2015 le hordú ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a rinneadh an 2 Aibreán 2015. Tháinig an Coimisiún le chéile 15 huairde roimh lá na vótála agus bhí tréimhse ama imleor aige lena ábhar faisnéise a ullmhú.

Na páipéir bhallóide

Tá leagan amach na bpáipéar ballóide leagtha síos sa dlí (in Acht an Reifrinn, 1994) agus níl ról ar bith ag an gCoimisiún Reifrinn i dtaca le hábhar na bpáipéar ballóide ná leis an gcuma atá orthu a shocrú. Déantar foráil leis an Acht nach mór an togra is ábhar do reifreann a bheith luaite ar an bpáipéar ballóide ach an Bille ina bhfuil an togra sin arna rith ag an dá Theach den Oireachtas a lua trína ghearrtheideal.

Ón taighde a rinneadh tar éis feachtais reifrinn eile, b'eol don Choimisiún go raibh fianaise ann go raibh mearbhall suntasach ar vótálaithe i dtaca leis na páipéir bhallóide. Thit sé sin amach den chuid ba mhó mar nach raibh aon deis ag vótálaithe amharc ar na páipéir bhallóide sula bhfaca siad iad den chéad uair lá na vótála. Dá réir sin, chinn an Coimisiún, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, sampla den pháipéar

ballóide iarbhír a phriontáil sa Treoir a dháil an Coimisiún ar gach teach sa tír. Dá bhrí sin, bhí formhór na vótálaithe in ann bheith ar an eolas faoin gcuma a bhí ar na páipéir bhallóide agus ba cheart go laghdófaí aon mhearbhall a d'fhéadfadh teacht aníos go mór.

An ráta vótála

Ag 60.52% agus 60.51% le haghaidh an reifrinn ar phósadh agus an reifrinn ar aois iarrthóirí uachtaráin faoi seach, ba iad na rátaí vóta le haghaidh na reifreann na rátaí ab airde ó bunaíodh an chéad Choimisiún Reifrinn reachtúil i 1998. I bhFíor 1, léirítear an méid inathraitheachta sa ráta vótála agus teastaíonn taighde chun na cúiseanna leis sin a fhiosrú.


Ceann amháin de phríomhfeidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn is ea spreagadh a thabhairt do dhaoine le vótáil. Dá réir sin, tá an Coimisiún an-sásta go raibh ráta vótála chomh hard sin ann.

I bhfeachtas reifrinn ar bith, níl i bhfeachtas faisnéise an Choimisiúin ach ceann amháin den iomad toisc a d'fhéadfadh cur leis an ráta vótála. Ar na príomhghnéithe eile tá leibhéal fheasacht an phobail ar thogra an reifrinn, cineál na bhfeachtas i bhfabhar an togra agus ina aghaidh agus méid na díospóireachta poiblí ar na saincheisteanna.

Bhí sé soiléir an uair seo go raibh toghthóirí i gcoitinne agus vótálaithe óga go háirithe an-ghafa le feachtas an reifrinn ar phósadh. Níl aon dabht ach gur chuir sé sin leis an ráta ard vótála.

Ós rud é gur comhlacht neamhbhuan é nach bhfaigheann maoiniú ach le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha, níl an Coimisiún Reifrinn in ann taighde cuí ar an ráta vótála a choimisiúnú. D'fhéadfadh Coimisiún a bheadh ann ar bhonn leantach déanamh amhlaidh.

Fíor 1: An ráta vótála i reifrinn, 1998 go 2015



Caibidil 3 Feachtas Faisnéise an Choimisiúin

An tábhacht a bhaineann le feachtas faisnéise

Mar a luadh roimhe seo, is éard atá i bhfeidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn go bunúsach ná tograí reifrinn a mhíniú, an fheasacht ar reifreann a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do na toghthóirí le vótáil.

Leibhéal rannpháirtíochta na vótálaithe sa reifreann ar phósadh a bhí ní b'airde ná mar is iondúil, go háirithe i measc an aoischohóirt óig vótálaithe, chuir sé leis an ráta vótála a mhéadú an uair seo. Mar is gnách, ba é ról an Choimisiúin an fhaisnéis a chuir sé ar fáil a dhéanamh chomh sothuigte agus ab fhéidir agus a chinntiú go raibh sé chomh sorochtana agus ab fhéidir d'fhonn cur le leibhéal ard tuisceana agus, dá bhrí sin, le ráta ard vótála.

Ar dhá bhealach thábhachtacha a bhí an feachtas faisnéise poiblí a rinne an Coimisiún an uair seo difriúil le feachtais roimhe seo. Ar an gcéad dul síos, cheap an Coimisiún go measfaí an suíomh Gréasáin agus gníomhaíocht sna meáin shóisialta mar thaca leis a bheith ar an bpríomhfhoinsé faisnéise agus seachadadh an Treoir chlóite ar gach teach mar thacaíocht leis sin. Ba é an mhalairt ar fad an scéal san am atá thart. Ar an dara dul síos, bhí níos mó teagmhála leis na meáin ag an gCoimisiún an uair seo ná am ar bith riamh, go háirithe trí shraith agallamh a thug an Cathaoirleach do na meáin chlóite, do na meáin chraolta agus do na meáin ar líne.

Straitéis an fheachtais faisnéise

Bunaíodh suíomh Gréasáin an Choimisiúin ag refcom.ie mar stór lárnach le haghaidh na faisnéise ar fad a chuirfeadh an Coimisiún ar fáil. Agus é ceaptha a bheith ina shuíomh Gréasáin a mbeadh dearadh freagrúil aige, rud arbh fhéidir amharc air

go héasca ach gléas soghluaiste, gléas tábléid nó ríomhaire pearsanta ar bith a úsáid dá bharr, rinne sé óstáil ar mhíniúcháin scríofa agus ar mhíniúcháin físe ar gach ceann de na tograí reifrinn, ar fhaisnéis chúlra bhreise, ar shonraí faoi conas clárú agus vótáil, ar fhógraí teilifíse an Choimisiúin, ar rannán nuachta a nuashonraíodh go rialta, ar naisc chuig agallamh a thug cathaoirleach an Choimisiúin agus ar ghnéithe eile. Ba é an Coimisiún a dhréachtaigh an t-ábhar Gréasáin agus fuair sé comhairle sheachtrach dlí agus cumarsáide ina leith. Cuireadh an t-ábhar ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Thacaigh láithreachtaí láidir sna meáin shóisialta ar Twitter agus ar Facebook leis an suíomh Gréasáin. Treoraíodh daoine chuig an suíomh leo sin agus le feachtas fógraíochta íoctha ar líne ar raon leathan suíomhanna Gréasáin chun freastal ar an oiread codanna de na toghthóirí is féidir.

Foilsíodh na míniúcháin ar gach togra ón suíomh Gréasáin mar Threoir thraidisiúnta freisin, treoir a seachadadh ar 2 mhíilliún teach agus a cuireadh ar fáil i leabharlanna poiblí. Cuireadh na míniúcháin ar na tograí reifrinn agus dearadh na Treorach faoi thaighde grúpa fócais. Cuireadh aiseolas úsáideach ar fáil leis an taighde sin as ar tháinig roinnt athruithe ar an dearadh, ar an leagan amach agus ar an bhfrásaíocht.

Chuir an Coimisiún mórfheachtas fógraíochta le chéile ar an teilifís, ar an raidió, ar fhógraíocht lasmuigh, sa phreas agus sna meáin dhigiteacha agus shóisialta ar líne. Ba é cuspóir gach gné den fheachtas fógraíochta feasacht ar an dá reifreann a chur chun cinn, spreagadh a thabhairt do dhaoine le vótáil agus daoine a threorú chuig faisnéis an Choimisiúin Reifrinn faoi na reifrinn.

Reáchtáil an Coimisiún seoladh preasa le haghaidh a fheachtais. Bhí an-tinreamh ann i measc na meán go léir agus tuairiscíodh go leathan faoi. Le linn an fheachtais, thug an Cathaoirleach líon suntasach

agallaimh raidió, theilifíse agus chraolta chun na tograí a mhíniú agus thug urlabhraí de chuid an Choimisiúin agallaimh do stáisiúin raidió réigiúnacha.

Faoi mar a bhí an scéal i reifrinn roimhe sin, reáchtáil an Coimisiún feachtas roimh na reifrinn

chun spreagadh a thabhairt do dhaoine le clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus lena n-ainm a chur leis an gclár mura raibh siad air cheana agus iad ábalta déanamh amhlaidh. Rinneadh cur chun cinn láidir ar an bhfeachtas ar líne, lena n-áirítear trí aip ar Facebook a úsáid.

Gnéithe den Fheachtas

Bhí na príomhghnéithe d'fheachtas an Choimisiúin mar seo a leanas:

1. Suíomh Gréasáin, www.refcom.ie, ina raibh míniúcháin ar na reifrinn agus ar a gcúlra, ábhar fairsing físe agus scríofa, faisnéis faoi conas vótáil agus nuacht feachtais.
2. Treoir maidir leis na reifrinn a seachadadh ar 2 mhiliún teach.
3. Feachtas 'Clárú chun Vótáil' ina raibh preasráitis, cur chun cinn sna meáin shóisialta agus fógraíocht ar líne agus inar úsáideadh aip ar Facebook chun cabhrú le daoine an clár a sheiceáil agus foirmeacha cláraithe vótálaithe a íoslódáil.
4. Feachtas fógraíochta náisiúnta ar an teilifís, ar an raidió, sa phreas, ar fhógraíocht lasmuigh agus ar líne chun feachtas ar na reifrinn a ardú, spreagadh a thabhairt do dhaoine le vótáil agus vótálaithe a threorú chuig an iomad áit ina raibh tuilleadh faisnéise ar fáil.
5. Cumarsáid bhreise rialta, lena n-áirítear:
 - preasagallamh a chur ar siúl chun an feachtas a fhógairt agus sonraí faoin Treoir a thabhairt;
 - urlabhraithe a chur ar fáil do nuachtáin agus do stáisiúin raidió náisiúnta agus réigiúnacha lena gcur faoi agallamh maidir le ról an Choimisiúin agus le hábhar na dtograí. Thug Cathaoirleach an Choimisiúin dhá agallamh do chlár Morning Ireland ar RTÉ agus agallamh do Prime Time ar RTÉ agus thug sé agallamh do Newstalk agus do stáisiúin eile raidió agus teilifíse. Chuir The Irish Times agus thejournal.ie agallamh air freisin. Anuas air sin, chuir breis agus dosaen stáisiún áitiúil agallamh ar urlabhraí de chuid an Choimisiúin maidir le hábhar na dtograí reifrinn;
 - preasráitis a eisiúint ar an bpreas réigiúnach lena tugadh spreagadh do vótálaithe leis an bhfaisnéis a rochtain agus le vótáil;
 - úsáid a bhaint as Facebook agus Twitter sna meáin shóisialta chun sonraí faoi ghníomhaíocht an Choimisiúin a thabhairt, chun freagra a thabhairt ar cheisteanna aonair agus chun vótáil a spreagadh;
 - líne íosghlao a oibriú trína raibh daoine in ann ceisteanna sonracha a chur agus ábhar a fháil trí chasadh an phoist.
 - teagmháil dhíreach le rúnaíocht an Choimisiúin le haghaidh faisnéis bhreise faoi phointí ar leith a bhaineann leis na reifrinn a thagann aníos.

An suíomh Gréasáin

Thug i bhfad níos mó ná dhá oiread daoine cuairt ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin le haghaidh an reifrinn, www.refcom.ie, agus a thug cuairt ar shuíomh Gréasáin aon Choimisiúin roimhe sin. San iomlán, thug 280,000 úsáideoir aonair cuairt ar an suíomh (ar thug roinnt díobh cuairt air níos mó ná uair amháin) i gcomparáid le 113,000 úsáideoir le haghaidh an tsuímh Ghréasáin ar reifrinn an tSeanaid agus na Cúirte Achomhairc in 2013, 49,000 úsáideoir i dtaca le Reifreann na Leanaí in 2012 agus 41,000 úsáideoir i dtaca leis an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach, a bhí ar siúl in 2012 freisin.

Neartaíodh na líonta le gealltanais a thug Facebook deilbhín a chur ar leathanach gach vótálaí Éireannaigh ar Facebook lenar tugadh spreagadh dóibh vótáil agus lenar tugadh nasc chuig suíomh Gréasáin an Choimisiúin (féach na meáin shóisialta thíos). Fiú mura bhfuarthas an tacaíocht sin, áfach, bhí staitisticí an tsuímh Ghréasáin i bhfad ní b'airde ná reifreann ar bith roimhe sin.

Dearadh an suíomh de réir prionsabail um “thús áite do ghléasanna soghluaiste”. Is é sin le rá gur dearadh é ar dtús mar shuíomh a n-amharcfaí air ach gléasanna soghluaiste a úsáid agus a d'athródh a mhéid féin le go bhféadfaí amharc air ach ríomhaire deisce a úsáid. Athrú iomlán ar an gcur chuige traidisiúnta atá ann, cur chuige ina ndearthar suíomh Gréasáin a n-amharcfar air ach ríomhaire deisce a úsáid agus ina gcinnteofar ina dhiaidh sin go bhféadfaidh sé a mhéid féin a athrú go huathoibríoch le go bhféadfar amharc air ach gléas soghluaiste a úsáid.

Is deimhniú ar an gcinneadh sin é trácht an tsuímh Ghréasáin. Ba as fóin phóca agus gléasanna táibléid a bhí thart ar 72% de na hamhairc ar an suíomh le linn an fheachtais. Ba as ríomhairí deisce a bhí an chuid atá fágtha. Is athrú iomlán é sin, beagnach, ar na staitisticí ón reifreann deireanach – is iad sin, na reifrinn ar an Seanad agus ar an gCúirt Achomhairc i mí Dheireadh Fómhair 2013. An uair sin, ba as ríomhairí deisce a bhí 69% de na hamhairc ar an suíomh agus ba as gléasanna soghluaiste a bhí an chuid atá fágtha.

Rinne an suíomh óstáil ar an ábhar feachtais ar fad, lena n-áirítear téacs, faisnéis chúlra, fógraí teilifíse, craoltaí saorchraolta, físeáin eile, nuacht agus naisc úsáideacha. Baineadh úsáid as an aon

fhoireann aisteoirí amháin i ngach píosa faisnéise ón gCoimisiún (an suíomh Gréasáin, fógraí teilifíse, an Treoir chlóite, fógraí lasmuigh, etc.), rud a thug gné chomhleanúnach chomhtháite don fheachtas lenar uasmhéadaíodh a thionchar.

Bhí an t-ábhar téacs ar fad agus an chuid ba mhó den ábhar físe ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon agus chloígh sé leis na caighdeáin inrochtaineachta dea-chleachtais ar fad, lenar áiríodh clómhéideanna inathraithe agus an fhíríc gur tógadh an suíomh le bheith freagrúil ionas go n-athrófaí an méid agus an leagan amach go huathoibríoch de réir an bhrabhsálaí á bhíothas ag úsáid.

Áiríodh leis an suíomh Gréasáin freisin nasc chuig suíomh Gréasáin ‘seiceáil an clár’ a oibríonn údaráis áitiúla na hÉireann ionas go raibh vótálaí in ann a sheiceáil cé acu a bhí sé cláraithe chun vótáil nó nach raibh.

Sa deireadh, bhí fotha nuachta meán sóisialta (Twitter, etc.) ag an suíomh Gréasáin mar a raibh úsáideoirí an tsuímh in ann nótaí tráchta a phostáil agus freagraí a fháil ón gCoimisiún. Chuir sé sin ar chumas an Choimisiúin freisin faisnéis rialta faoi shaincheisteanais a tháinig aníos le linn an fheachtais a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin. Leag an Coimisiún béim go raibh sé le fáil chun plé le ceisteanais agus chuir sé a shonraí teagmhála in iúl go soiléir.

Na meáin shóisialta

Baineadh úsáid as leathanach a Choimisiúin ar Facebook go háirithe chun an tábhacht a bhain le clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus le dul amach chun vótáil lá na vótála a chur chun cinn. Baineadh úsáid as fotha Twitter de chuid an Choimisiúin chun ábhar an tsuímh Ghréasáin a chur chun cinn, fógraí nuachta a dhéanamh agus plé le ceisteanais éagsúla aonair. Bhí 1,200 leantóir ag an gcuntas ar Twitter. Bhain clúdach an leathanaigh ar Facebook buaic 600,000 duine amach nuair a cuireadh post chun cinn lenar tugadh spreagadh do dhaoine le clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus lena chinntiú go mbeadh siad in ann vótáil.

An Treoir

Ó bunaíodh an chéad Choimisiún Reifrinn i 1998, gné lárnach de gach feachtas faisnéise de chuid

Coimisiún Reifrinn atá i dTreoir sheachadadh ar gach teach sa tír maidir leis na tograí reifrinn.

Faoi mar a bhí an scéal i reifrinn roimhe sin, ba de mhéid A5 a bhí an Treoir. Cuimsíodh sa Treoir ocht leathanach i mBéarla agus ocht leathanach i nGaeilge faoin aon chlúdach amháin (ar aon dul le hAcht na dTeangacha Oifigiúla).

Táirgeadh leagan mórchló agus leagan Braille den Treoir le haghaidh daoine dalla agus caocha agus dáileadh iad trí Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill. Tháirg an Coimisiún leagan speisialta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann de na físeáin faisnéise lena ndáileadh trí Chumann Bodhar na hÉireann agus trí DeafHear. Bhí an físeán sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin freisin. Anuas air sin, forbraíodh Treoir speisialta i gcomhar le Siondróm Down Éireann lenar míníodh an reifreann agus seoladh í chuig grúpaí eile a bhíonn ag obair le daoine faoi mhíchumas intleachta. Bhí sí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin freisin.

Modhanna eile chun faisnéis a fháil

Bhí rúnaíocht an Choimisiúin ar fáil ar an bhfón agus trí ríomhphost chun freagra a chur ar aon cheisteanna a d'ardaigh baill den phobal. De bhreis ar uimhir theileafóin thiomnaithe agus ar sheoladh ríomhphoist tiomnaithe an Choimisiúin Reifrinn, bhunaigh an Coimisiún uimhir íosghlao. Bhí vótálaithe in ann glao a chur ar cheachtar de na huimhreacha teileafóin agus ríomhphost a sheoladh chuig an rúnaíocht má bhí siad ag iarraidh go seolfaí cóip den Treoir chucu trí chasadh an phoist nó má bhí tuilleadh faisnéise uathu. D'fhógair an Coimisiún na huimhreacha sin agus an seoladh ríomhphoist sa Treoir a seoladh chuig gach teach. Le linn an fheachtais, ba é 1,500 líon na nglanna gutháin a fuarthas agus ba é breis agus 760 líon na ríomhphost a fuarthas.

An feachtas fógraíochta

Cheannaigh an Coimisiún spás fógraíochta sna meáin go léir. Bhí cuspóirí difriúla ag gabháil leis na fógraí sna meáin dhifriúla.

Bíonn meán na teilifíse oiriúnach de ghnáth do theachtaireachtaí an-simplí a chur in iúl go cumhachtach. Dá bhrí sin, ní rabhtas ag iarraidh i bhfógraí teilifíse an Choimisiúin na tograí reifrinn

a mhíniú. Ina ionad sin, tugadh spreagadh iontu do dhaoine an fhaisnéis iomlán a bhí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin agus sa Treoir a fháil. Chomh maith leis sin, treoraíodh daoine chuig an suíomh Gréasáin le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil agus spreagadh iad le vótáil leis an bhfógraíocht ar an raidió, ar fhógraí lasmuigh, sa phreas agus ar líne.

Is mó a éiríonn le fógraíocht a dhéanamh ar raon meán nuair a chuirtear an fógra ar mheán amháin na fógraí ar mheáin eile i gcuimhne don lucht féachana nó don lucht léitheoireachta. Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún úsáid as an aon fhoireann aisteoirí amháin agus as teachtaireachtaí, stíl amhairc, dathanna, leagan amach agus clóghrafaíocht den chineál céanna i ngach meán le go gcruthófaí féiniúlacht leithleach inaitheanta.

Fógraíocht teilifíse

Bhí an fógra teilifíse 40-soicind bunaithe ar insint ina labhraíonn roinnt daoine difriúla, a léiríonn próifílí difriúla vótálaithe, go hachomair duine i ndiaidh duine faoin tábhacht a bhaineann le bheith ag smaoineamh ar na tograí reifrinn. Leagtar béim san fhógra ansin ar an bhfíric gur féidir míniúcháin ar an togra a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin agus sa Treoir atá á seachadadh ar thithe ar fud an Stáit.

Craoladh na fógraí teilifíse ar RTÉ, ar TV3e, ar TG4, ar Sky Group, ar E4 agus ar Setanta.

Fógraíocht raidió

Reáchtáil an Coimisiún feachtas fógraíochta go mall i mí an Mhárta agus go luath i mí Aibreáin. Bhí sé mar chuspóir sonrath aige spreagadh a thabhairt do dhaoine le clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus, mura raibh a n-ainm air, le clárú in am do na reifrinn. Cuid lárnach den fheachtas sin a bhí sna fógraí raidió 40-soicind ar stáisiúin raidió náisiúnta.

I dtaca leis an reifreann é féin, léirigh an Coimisiún fógra 40-soicind inar úsáideadh an script a úsáideadh san fhógra teilifíse agus lenar labhraíodh faoin tábhacht a bhaineann le teacht ar thuairim eolach faoi na reifrinn agus lenar treoraíodh daoine chuig áiteanna ina raibh míniúcháin ar na tograí ar fáil. Craoladh na fógraí ar stáisiúin RTÉ, ar Today FM, ar Newstalk, ar 98FM, ar FM104, ar gach

stáisiún raidió áitiúil agus ar stáisiúin a dhíríonn ar an óige amhail Spin FM, Beat, Phantom FM, Red FM agus iRadio.

Craoltaí saorchraolta – teilifís

Arís eile, leithdháil stáisiúin teilifíse agus raidió an Stáit dóthain ama ar chraoltaí saorchraolta a léirigh an Coimisiún lenar míníodh na tograí reifrinn. Iarradh ar gach stáisiún 36 nóiméad a leithdháileadh orthu agus rinneadh amhlaidh i bhformhór na gcásanna.

Léirigh an Coimisiún craoltaí leithleacha saorchraolta le haghaidh teilifíse agus le haghaidh raidió. Le haghaidh teilifíse, léirigh an Coimisiún míniúchán ar thogra an reifrinn ar phósadh a mhair 1 nóiméad agus 50 soicind; míniúchán ar an reifreann ar aois iarrthóirí uachtaráin a mhair 1 nóiméad agus 35 soicind agus craoladh ní ba ghiorra lenar tugadh spreagadh do dhaoine le vótáil a bhí le húsáid sa tseachtain deiridh den fheachtas nár mhair ach 1 nóiméad.

Craoltaí saorchraolta – raidió

B'ionann an struchtúr insinte a bhí ag na craoltaí saorchraolta raidió agus an struchtúr insinte a bhí ag na craoltaí teilifíse agus b'ionann a bhfad den chuid ba mhó. Anuas air sin, léirigh an Coimisiún “stoingí” gearra 10 soicind ar bhain stáisiúin raidió úsáid astu sa tseachtain deiridh den fheachtas. Tugadh spreagadh leis na teachtaireachtaí an-ghearr sin do dhaoine le vótáil agus craoladh iad roimh fheasacháin nuachta nó go díreach ina ndiaidh.

Fógraíocht sa phreas

B'ionann an fhoireann aisteoirí agus na láithreacha a úsáideadh san fhógraíocht sa phreas náisiúnta agus an fhoireann aisteoirí agus na láithreacha a úsáideadh san fhógraíocht teilifíse, san fhógraíocht lasmuigh, san fhógraíocht ar líne agus sa Treoir. Ba é aidhm na bhfógraí preasa spreagadh a thabhairt do dhaoine le cuairt a thabhairt ar an suíomh Gréasáin agus leis an Treoir a léamh. Cuireadh fógraí preasa sna nuachtáin seo: Irish Independent, The Irish Times, Irish Daily Star, Irish Examiner, The Irish Sun, The Sunday Independent, Sunday World agus The Sunday Business Post.

Fógraíocht lasmuigh

Baineadh úsáid as an aon chineál íomhánna, téacs agus stíle amháin san fhógraíocht lasmuigh freisin. Ceannaíodh spás ar chláir fógraí 48 leathán ar fud na tíre agus ar scáthlín bhús 6 leathán.

Fógraíocht ar líne

B'ionann cuspóir fhormhór na leaganacha amach don fhógraíocht ar líne agus cuspóir na leaganacha amach don fhógraíocht sna meáin eile. Tugadh smaoinemh ceannlíne ar a raibh sa togra reifrinn, spreagadh daoine le faisnéis bhreise a fháil, insíodh dóibh cén áit a bhfaigheadh siad an fhaisnéis sin, agus spreagadh daoine le vótáil.

Baineadh úsáid as leaganacha amach taispeána digití ardtionchair i gcás raon leathan suíomhanna Gréasáin. Ba é an aidhm ná freastal ar an raon ba leithne den phobal vótála agus ab fhéidir. Ar fud an fheachtais, cuireadh leo sin ach fógraí físeán ar éileamh agus taispeáint dhigiteach, sealghabháil leathanach baile san áireamh, Facebook, Twitter agus cuardach a úsáid.

Chuir an Coimisiún lena leaganacha amach taispeána digití ardtionchair ach spriocdhírú ar réimsí leathana agus ar nideoga. Mar shampla, chuir an Coimisiún a phríomhíomhá mná ar shuíomhanna amhail Her.ie. Bhain sé úsáid as spriocdhírú eochairfhocal comhthéacsúil ar fud an fheachtais agus as spriocdhírú eochairfhocal diúltach don chéim thosaigh um chlárú chun vótáil.

Baineadh úsáid as aonaid spás fógraíochta, as poist churtha chun cinn agus as bloic rochtana ar Facebook agus as tvuíteanna curtha chun cinn le haghaidh rannpháirtíocht a bhrú chun cinn.

Baineadh úsáid as ASUnna, as poist churtha chun cinn agus as bótharbhoic ar Facebook agus as tvuíteanna curtha chun cinn le haghaidh rannpháirtíocht a bhrú chun cinn. Is éard atá i bhformáidí d'Aonad Spás Fógraíochta ná na fógraí atá le feiceáil ar cholún na láimhe deise d'fhotha nuachta Facebook. Is é bótharbhoc an téarma a úsáidtear nuair a chuireann fógróir a bhfógra i níos mó ná áit amháin ar an aon leathanach Gréasáin amháin. Chabhraigh an fhormáid sin linn briseadh tríd an tranglam agus sciár gutha 100% a thabhairt dár dteachtairacht ar fud an leathanaigh Ghréasáin.

Caibidil 4 Athbhreithniú breithiúnach

An 3 Meitheamh 2015, rinne an tUas. Gerry Walshe, ar dlíthí tuata é, iarratas ar shaoire chun achainí a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt lena gceisteofaí a bhailí atá an Bille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta) 2015. Rinneadh an t-iarratas in aghaidh na hÉireann, an Ard-Aighne, Cheann Comhairimh an Reifrinn agus an Choimisiúin Reifrinn. Diúltaíodh don iarratas. D'iarr an Coimisiún a chostais agus dámhadh dó iad.

Rinne an tUas. Walshe achomharc in aghaidh bhreith na hArd-Chúirte chuig an gCúirt Achomhairc.

An 29 Meitheamh 2015, dheimhnigh an tUas. Walshe gur scaoileadh an Coimisiún Reifrinn ón achomharc. Leanadh den achomharc in aghaidh na bhfreagróirí eile.



Caibidil 5 Acmhainní

Maoiniú a chur ar fáil don Choimisiún Reifrinn

Leithdháil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais €1.5 milliún ar an gCoimisiún le haghaidh an reifrinn ar phósadh agus leithdháil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €1.2 milliún air le haghaidh an reifrinn ar aois iarrthóirí uachtaráin. D'fhág sé sin gurbh é €2.7 milliún an maoiniú iomlán ar fáil. Chinn an Coimisiún go mbeadh sé stuama comhfheachtas faisnéise a réachtáil le haghaidh an dá reifreann agus shann sé na costais sa dá bhuiséad i gcomhréir le húsáid na seirbhísí ábhartha a d'úsáidfí le linn an fheachtais reifrinn.

Is mar seo a leanas a sheasann an maoiniú iomlán a leithdháileadh le haghaidh na reifreann sin i gcomparáid le feachtais roimhe seo: maoiniú

Coimisiúin de €5 mhilliún don chéad fheachtas le haghaidh Chonradh Liospóin, €4.2 milliún don dara feachtas le haghaidh Chonradh Liospóin, €2.25 milliún san iomlán don Reifreann ar Thuarastal Breithiúna agus don Reifreann ar Fhiosruithe Thithe an Oireachtais, €2.2 milliún don Reifreann ar an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach, €1.9 milliún don Reifreann Leanáí agus €3.3 milliún san iomlán do na reifrinn ar dheireadh a chur leis an Seanad agus ar bhunú na Cúirte Achomhairc.

B'ionann an caiteachas iomlán agus níos mó ná €2.2 milliún, agus é miondealaithe mar atá léirithe i bhFíor 2. Rinne an Coimisiún Reifrinn iarracht ar fud an fheachtais faisnéise luach ar airgead a bhaint amach agus a chinntiú go raibh an feachtas chomh héifeachtach agus ab fhéidir. Is deimhin leis an gCoimisiún gur baineadh an dá cheann de na cuspóirí sin amach.

Fíor 2: Caiteachas an Choimisiúin Reifrinn

	An reifreann ar phósadh €000	An reifreann ar aois iarrthóirí uachtaráin €000	Iomlán €000
Táillí bainistíocht feachtais	148	148	296
Taighde ar ábhar	90	7	97
Táirgeadh agus dáileadh na treorach	263	175	438
Léiriú closamhairc agus craoltaí	165	165	330
Léiriú meán nua	12	12	24
Fógraíocht			
Teilifís	179	179	358
Raidió	119	119	238
Ar líne	66	66	132
Lasmuigh	64	64	128
An preas	38	38	76
Caiteachas meán nua	28	28	56
Riarachán agus costais eile	21	21	42
Caiteachas iomlán	1,193	1,022	2,215
Maoiniú iomlán a fuarthas	1,500	1,200	2,700

Barraíocht tugtha ar ais

Tugadh na hiarmhéideanna neamhchaite de €0.307 milliún agus €0.178 milliún ar ais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi seach.

Is mian leis an gCoimisiún a chur in iúl go bhfuil sé den tuairim gurb é €1.5 milliún an leithdháileadh cistiúcháin iosta ba cheart a chur ar fáil dó i dtaca le feachtas reifrinn ar bith. Sa chás go bhfuiltear ag cur níos mó ná reifreann amháin ar siúl ar an aon lá amháin, ba cheart €1.5 milliún ar a laghad a leithdháileadh le haghaidh gach cinn acu. Tá dea-chuntas teiste ag Coimisiúin maidir lena chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach ina gcuid feachtas, agus leas á bhaint as barraineachtaí mórscála nuair atáthar ag cur níos mó ná reifreann amháin ar siúl ar an aon lá amháin agus ag tabhairt aon iarmhéideanna neamhíoctha ar ais do na ranna urraíochta.

Ní cuí leis an gCoimisiún gur cheart do roinn ar bith leibhéal an mhaoinithe a leithdháilfidh sí ar an gCoimisiún Reifrinn neamhspleách a chinneadh go haontaobhach bunaithe ar chuntais chaiteachais roimhe sin. Is go stuama a chuireann Coimisiúin suim theagmhasach i leataobh i gcás éigeandálaí a thagann chun cinn go mall i bhfeachtas nó i ndiaidh feachtais, e.g. caingne dlí a thugtar in aghaidh an Choimisiúin, faoi mar a tharla roinnt uaireanta roimhe seo. Más rud é gurb ionann an cuntas caiteachais roimhe sin agus an tsuim a leithdháilfear ar an gCoimisiún le haghaidh feachtas amach anseo, d'fhéadfadh sé sin laghduithe leantacha ar leithdháiltí a chruthú agus an figiúr teagmhasach á chur san áireamh. Le himeacht ama, laghdódh maoiniú an Choimisiúin go leibhéal nach bhféadfadh sé a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go fónta dá bharr.

Soláthar

Ní bhíonn an Coimisiún Reifrinn ann ar bhonn leantach de réir an dlí agus ní bhíonn sé ann ach tar éis é a bhunú le hordú ón Aire. Ag fanacht le reifrinn a bhí le cur ar siúl go luath in 2015 agus eolach ar an taithí roimhe sin ar Choimisiúin Reifrinn a bhunú go mall, chinn an ceathrar “gnáthchomhaltaí” nó na comhaltaí de bhrí oifige de chuid an Choimisiúin agus Rúnaí ainmnithe an Choimisiúin, go mbeadh sé cuí socruithe sealadacha a chur i bhfeidhm chun réachtáil éasca aon fheachtais reifrinn amach anseo a éascú, ag féachaint do na forálacha i Rialacháin an AE agus do Threoracha a bhaineann le soláthar. Mar gur dhócha go mbeadh na seirbhísí de chuid soláthraithe difriúla seirbhíse ag teastáil ó Choimisiún Reifrinn ar bith amach anseo agus ós rud é nach raibh aon chonarthaí i bhfeidhm a bhféadfadh coimisiún reifrinn amach anseo leas a bhaint astu, cinneadh go mbunódh Oifig an Ombudsman roinnt creat-chomhaontuithe a bheadh le húsáid ag an oifig í féin agus/nó ag Coimisiúin Reifrinn ar bith ina dhiadh sin. Bhunófaí creat-chomhaontú ar leith le haghaidh gach cineáil seirbhíse riachtanaí. Mhairfeadh gach creat-chomhaontú dhá bhliain agus d'fhéadfaí iad a shíneadh ar feadh bliain amháin sa bhreis. D'fhéadfadh sé sin an Conradh a d'úsáidfeadh Coimisiún Reifrinn ar bith a bhunófaí sa tréimhse sin a shíneadh go deireadh na bliana 2017. Bhronnfaí Coimisiún Reifrinn Conradh glao isteach (i.e. Conradh le haghaidh seirbhísí sonracha) faoin gcreat-chomhaontú nuair ba mhian leis seirbhísí a fháil.

Dá bhrí sin, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman iarraidh ar thairiscintí ar etenders go luath i mí na Nollag 2014 d'fhonn creat-chomhaontú soláthraí aonair a bhunú le haghaidh seirbhísí margaíochta, seirbhísí bainistíocht tionscadal agus seirbhísí comhairliúcháin chumarsáide a chur ar fáil chun comhairle agus cabhair a thabhairt agus feachtais faisnéise poiblí, fógraíochta agus meán a phleanáil agus a chur i ngníomh. Ba é an 18 Eanáir 2015 an dáta deiridh le haghaidh tairiscintí a fháil. Cinneadh go mbeadh cuibhreannas arna threorú ag Murray Consultants (caidreamh poiblí) agus lena n-áirítear Chemistry (fógraíocht) agus Carat Ireland (pleanáil/ ceannach meán) ar an gconraitheoir.

D'fhoilsigh Oifig an Ombudsman iarraidh ar thairiscintí ar etenders i mí na Nollag 2014 freisin d'fhonn creat-chomhaontú soláthraí aonair a bhunú le haghaidh seirbhísí dréachtaithe dhlíthiúil a chur ar fáil. Ba é an 12 Eanáir 2015 an dáta deiridh le haghaidh thairiscintí a fháil. Ba í Ita Mangan, sainchomhairleoir dlí agus gnóthaí sóisialta, an tairgeoir rathúil.

Tar éis a bhunaithe an 27 Eanáir 2015, bhronn an Coimisiún Reifrinn conarthaí glao-isteach ar chuibhreannas Murray agus ar Ita Mangan Uas.

Go luath i mí Eanáir 2015 agus tamall gairid sular bunaíodh an Coimisiún, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman freisin iarraidh ar Thairiscintí ar etenders d'fhonn ábhar faisnéise gan seoladh arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Reifrinn a sheachadadh ar gach teach sa Stát. Áiríodh san Iarraidh ar Thairiscintí foráil go gcoimeádfadh Coimisiún Reifrinn ar bith amach anseo an ceart chuige féin rogha a chleachtadh, faoina lánrogha féin, conradh soláthair le haghaidh reifreann ar bith a reáchtálfar go deireadh na bliana 2016 a dheonú ar an soláthraí seirbhíse a roghnaíodh de bharr na hiarrata ar thairiscintí sin.

Ba é an 10 Márta 2015 an dáta deiridh le haghaidh thairiscintí a fháil. Bhronn an Coimisiún an conradh ar An Post.

Buíochas

Tá an Coimisiún go mór faoi chomaoin ag a sholáthraithe seirbhíse as cabhrú leis raon leathan tascanna a cur i gcrích faoi shrianta ama an-dúshlánach. Tá buíochas tuillte ag na hasraonta éagsúla craolacháin agus ag an bpreas náisiúnta as a gcomhar gníomhach leis an gCoimisiún.

Mar shainchomhairleoir margaióchta/cumarsáide don Choimisiún, d'imir Murray Consultants, agus Mark Brennock agus Aoibheann O'Sullivan go háirithe, ról ríthábhachtach chun a chinntiú gur soláthraíodh na snáitheanna éagsúla den fheachtas in am agus ar bhealach comhordaithe. Cé go raibh siad faoi bhrú mór ama, tháirg Chemistry, an ghníomhaireacht fógraíochta cruthaithí, agus Carat, an ghníomhaireacht ceannach meán, obair den chéad scoth. Tá buíochas speisialta tuillte ag Ray Sheerin ó Chemistry, ag Liam McDonnell ó Carat agus ag na foirne a oibríonn leo.

Cabhair iontach don fheachtas a bhí scileanna Ita Mangan agus raon leathan ábhar faisnéise á dhréachtú. Tá an Coimisiún buíoch freisin de Patrick Walshe, a chomhairleoir dlí ó ghnólacht aturnaetha Philip Lee, de Brian Murray, an tAbhcóide Sinsearach, agus de Catherine Donnelly BL.

Tá an Coimisiún go mór faoi chomaoin ag a rúnaíocht, a gcuireann an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí í ar fáil, as a chuid oibre ag cabhrú léi ar fud feachtas faisnéise poiblí a raibh brú ag baint leis. Ní bheadh an Coimisiún in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh in éagmais a cabhrach agus a heolais. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine acu agus le Paddy Walsh, a d'oibrigh mar Rúnaí don Choimisiún, go háirithe. Chuir Oifig an Ombudsman áiseanna riachtanacha eile ar fáil don Choimisiún agus chuir roinnt mhaith de bhaill foirne na hOifige sin lena chuid oibre freisin. Tá an Coimisiún buíoch d'Oifig an Ombudsman as an gcabhair sin.

Caibidil 6 Conclúidí agus Moltaí



Is iad na trí príomhfheidhm de chuid an Choimisiúin Reifrinn ná ábhar na dtograí reifrinn a mhíniú agus na míniúcháin sin a chur in iúl do gach saoránach atá i dteideal vótáil, feasacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do dhaoine le vótáil.

Rinne an Coimisiún measúnú ar a éifeachtaí a bhí an dóigh ar chomhlíon sé na feidhmeanna sin sa reifreann ar phósadh agus sa reifreann ar aois iarrthóirí uachtaráin agus tá sé sásta gur éirigh leis, trína fheachtas fógraíochta, feasacht ar na reifrinn a ardú agus an tábhacht a bhaineann le vóta a chaitheamh a chur in iúl. Is deimhin leis an gCoimisiún gur chuir a fheachtas le ráta ard vótála os cionn 60% a bhaint amach.

Bhí líon na gcuariteoirí ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin níos mó ná a dhá oiread níos mó ná líon na gcuariteoirí le haghaidh reifrinn roimhe sin.

Léirigh an méadú suntasach ar líon na gcuariteoirí an méadú ar mhéid agus éagsúlacht an ábhair a bhí ar fáil ar an suíomh, an úsáid a baineadh as na meáin shóisialta chun daoine a threorú chuige agus feachtas láidir fógraíochta ar líne lenar treoraíodh daoine chuige freisin. Tá treocht shoiléir i dtreo foinsí faisnéise ar líne a úsáid ach tá éileamh ar Threoir chóipe crua ann freisin.

Is deimhin leis an gCoimisiún go raibh dóthain ama aige leis na príomhghnéithe dá chuid oibre a dhéanamh, i.e. a fheachtas um fheasacht an phobail. Feachtas éifeachtach ba ea an feachtas faisnéise. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an ráta ard vótála an uair seo. Mar sin féin, ba é an rannpháirtíocht a bhí ag na toghthóirí i gcoitinne, sa reifreann ar phósadh, ba mhó ba chúis leis an ráta vótála. Ní bhaineann sé sin de na húdaráis an fhreagracht atá orthu as dul i ngleic leis an

ráta íseal vótála a bhí ann do reifrinn Bhunreachta thábhachtacha roimhe sin (agus is dóigh a bheith ann dóibh sa todhchaí), rud nach mór taighde mion a dhéanamh air. An uair seo, léirigh an feachtas an méid is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn vótálaithe gafa le saincheist ar leith. Is é an dúshlán anois ná a chinntiú go mbeidh an spéis chéanna ag vótálaithe féideartha i reifrinn amach anseo agus go mbeidh siad chomh gafa sin leo. Feachtas i measc daoine óga chun clárú vótálaithe a spreagadh agus cleachtadh an chirt vótála a chur chun cinn a d'fhéadfadh a bheith dírithe ar scoileanna dara leibhéal, d'fhéadfadh sé a bheith ina bhealach úsáideach chun a chinntiú go bhféadfadh reifrinn amach anseo ráta fóna vótála a bheith acu. Ní fhéadfadh ach comhlacht ag a bhfuil sainchúram reachtúil cuí agus a bhíonn ann go leantach de réir an dlí tabhairt faoi fheachtais den chineál sin.

Aighneacht an Choimisiúin maidir le Coimisiún Toghcháin

I mí Eanáir 2015, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Páipéar Comhairliúcháin ar Choimisiún Toghcháin a Bhunú in Éirinn. D'iarr an Comhchoiste Oireachtais um Chomhshaoil, Cultúr agus Gaeltacht ar an gCoimisiún Reifrinn tuairimí faoin bpáipéar comhairliúcháin a chur ar fáil agus rinne sé amhlaidh go cuí. Bhí na tuairimí agus na moltaí seo a leanas san áireamh in aighneacht an Choimisiúin. Tá siad ag teacht leis na moltaí agus na tuairimí sin a rinne Coimisiún Reifrinn roimhe sin ina dtuarascáil iarfheachtais.

1. D'iarr formhór na gCoimisiún Reifrinn roimhe sin go dtabharfaí níos mó ama do Choimisiún lena gcuid oibre a dhéanamh agus go dtabharfaí sainiúlacht dhlítheanach leantach don Choimisiún Reifrinn – agus d'fhéadfaí an Coimisiún Toghcháin a bheartaítear a úsáid mar mheán. Níos déanaí fós, mhol Coimisiún gur cheart an próiseas reifrinn a athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonfar an Cód Dea-Chleachtais maidir le Reifrinn ó Chomhairle na hEorpa (Márta 2007).
2. Ábhar mór imní a bhí ag Coimisiún roimhe seo is ea an ráta íseal vótála le haghaidh reifrinn bhunreachta agus is fiú diantaghde a dhéanamh air. B'ann do shaincheist shuntasach i dtaca le ráta an-íseal vótála i measc vótálaithe óga. De ghnáth, is airde an ráta vótála i gcás saincheisteanna áirithe – mar shampla, conarthaí Eorpacha nó nuair atá an reifreann ar siúl ag an am céanna is atá toghcháin náisiúnta nó toghcháin áitiúla. Léirigh na reifrinn le déanaí, áfach, go raibh rannpháirtíocht shuntasach ag daoine óga in ábhar an reifrinn ar phósadh go háirithe agus léiríodh é sin sa ráta ard vótála, ar ráta é a sháraigh 60% agus a bhí ar an ráta ab airde ó bunaíodh Coimisiún Reifrinn.
3. Mar sin féin, cé gur cúis mhór spreagtha é sin, bhí gá soiléir práinneach ann le feachtas leanúnach i measc daoine óga, a d'fhéadfadh bheith dírithe ar scoileanna dara leibhéal, chun clárú vótálaithe agus vótáil i measc daoine óga a spreagadh. Ní fhéadfadh an Coimisiún Reifrinn an obair sin a dhéanamh ach sa chás go mbeadh sainchúram reachtúil cuí aige agus go mbeadh sé ann ar bhonn leantach de réir an dlí.
4. Moladh go bhféadfadh freagracht a bheith ar an gCoimisiún Toghcháin as clárú vótálaithe agus an ráta vótála a spreagadh le linn gach toghcháin agus gach reifrinn. Faoi láthair, tá spreagadh an ráta vótála – a dhéantar le cistí poiblí – teoranta d'fhógraí a chuireann an Coimisiún Reifrinn amach le linn reifrinn. Ba cheart spreagadh an ráta vótála a leathnú chuig gach toghchán. De bharr na taithí atá aige ar an réimse seo, measann an Coimisiún Reifrinn go mbeadh comhlacht aonair a bhíonn ann ar bhonn leantach i bhfad ní b'éifeachtaí maidir le feachtais feasachta vótálaithe a reáchtáil ná a bheadh comhlacht ar nós an Choimisiúin Reifrinn a bhunaítear ar feadh roinnt seachtainí roimh reifreann. Ní mór gur feachtas leantach é feachtas den chineál sin le go mbeidh sé éifeachtach.

5. Tacaíonn an Coimisiún Reifrinn reatha leis an seasamh a ghlac a réamhtheachtaithe gurb é atá sa réiteach soiléir ar an gcás sin ná na feidhmeanna go léir de chuid an Choimisiúin Reifrinn a aistriú chuig Coimisiún Toghcháin.

Táthar ag súil leis go bhféadfadh go mbunófaí Coimisiún Toghcháin laistigh de dhá bhliain nó de thrí bliana. Sa chás nach mbunófar an Coimisiún Toghcháin roimh an gcéad reifreann eile agus go mbunófar Coimisiún Reifrinn ina áit, athdhearbhaíonn an Coimisiún Reifrinn seo na moltaí a rinne sé don Chomhchoiste, go háirithe na moltaí maidir le dóthain ama a thabhairt don Choimisiún lena fheachtas um fheasacht an phobail a phleanáil agus a chur i gcrích.



Kevin Cross, Cathaoirleach



Seamus McCarthy, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste



Peter Tyndall, an tOmbudsman



Peter Finnegan, Leas-Chléireach Dháil Éireann



Deirdre Lane, Cléireach Sheanad Éireann



refcom2015.ie

